Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2022
(OR. en)

9199/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0116 (NLE)**

**ACP 57**
**WTO 82**
**COAFR 108**
**RELEX 659**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche Eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta um réiteach díospóidí a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche Eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta um réiteach díospóidí a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas agus a Bhallstáit an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche Eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú') sa Bhruiséil an 28 Iúil 2016. Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus Gána ón 15 Nollaig 2016.

(2) De bhun Airteagal 73(3) den Chomhaontú, tá Coiste CCE freagrach as na réimsí ar fad a chumhdaítear leis an gComhaontú a riar agus as na cúraimí ar fad a luaitear sa Chomhaontú a dhéanamh.

(3) De bhun Airteagal 59(1) den Chomhaontú, tá nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi rialú na Rialacha Nós Imeachta, rialacha atá le glacadh ag Coiste CCE laistigh de thrí mhí tar éis a bhunaithe.

(4) Sa Chód Iompair dá dtagraítear in Airteagal 64(2) den Chomhaontú, leagtar amach prionsabail threoracha, cearta agus oibleagáidí nach mór d'eadránaithe a chomhlíonadh. Is iomchuí go mbeidh an Cód Iompair is infheidhme maidir le headránaithe, infheidhme maidir le hidirghabhálaithe freisin *mutatis mutandis*.

(5) Tá cinneadh maidir leis na Rialacha Nós Imeachta um réiteach díospóidí le glacadh ag an gCoiste CCE sa chéad leath de 2022.

---

[1] IO L 287, 21.10.2016, lch. 3.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste CCE a leagan síos a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta um réiteach díospóidí a ghlacadh, ós rud é go mbunófar, leis an gCinneadh ón gCoiste CCE atá beartaithe, rialacha atá ceangailteach ó thaobh an dlí de lena rialófar réiteach díospóidí, a bheidh infheidhme maidir leis an Aontas.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste CCE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Choiste CEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an Comhphobal tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta um réiteach díospóidí a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Choiste CCE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*